HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Athbhreithniú Bliantúil ar Ghortuithe, Tinnis agus Básanna san Ionad Oibre

## 2021–2022











# Ár bhFís:
# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla


## Buíochas

Tá an tÚdarás buíoch den Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) as sonraí a chur ar fáil faoi ghortuithe agus tinnis a bhain leis an obair a bailíodh mar chuid den Suirbhé ar an Lucht Saothair sa chéad ráithe de 2022.


## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| SETO | An Staidreamh Eorpach i leith Tionóiscí ag an Obair |
| HSA | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| LFS | Suirbhé ar an Lucht Saothair |
| NACE | Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach |
| NUTS | Ainmníocht Aonad Críochach le haghaidh Staidrimh |


© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, 2023

# An Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ ÓN bPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN** 4

**ACHOIMRE FHEIDHMEACH** 6

Sonraí HSA faoi Theagmhais Neamh-mharfacha 6

Modúl Speisialta CSO maidir le Gortú agus Tinneas a Bhaineann leis an Obair 7

Teagmhais Mharfacha 7

**1. RÉAMHRÁ** 8

Foinsí Sonraí agus Modheolaíocht 8

Sonraí HSA faoi Theagmhais Neamh-mharfacha 8

Modúl CSO maidir le Gortú agus Tinneas a Bhaineann leis an Obair sa Suirbhé ar an Lucht Saothair 9

Sonraí HSA faoi Theagmhais Mharfacha 9

Daonra Oibre Shuirbhé CSO ar an Lucht Saothair 9

**2. STAITISTICÍ GORTUITHE AGUS TINNEAS NEAMH-MHARFACH** 10

Gortuithe Neamh-mharfacha a Tuairiscíodh do HSA 10

Tábla 2.1: Gortuithe a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach, 2022 (HSA) 11

Tábla 2.2: Líon na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir stádas fostaíochta, 2022 (HSA) 12

Fíor 2.1: Na cúig ghortú neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh de réir cúise, 2022 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA) 12

Fíor 2.2: Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh 13

Fíor 2.3: Na baill coirp is mó a gortaíodh i measc oibrithe agus daoine nach oibrí iad in 2022 (HSA) 15

Fíor 2.4: Céatadán na ngortuithe neamh-mharfacha de réir asláithreacht ón obair, 2022 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA) 16

Fíor 2.5: Na cúig thimpeallacht oibre is mó inar tharla teagmhais d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad in 2022 (HSA) 16

Torthaí Mhodúl CSO 17

Fíor 2.6: Laethanta a cailleadh de bharr tinnis agus gortuithe a bhain leis an obair in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO) 17

Fíor 2.7: Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir earnáil gheilleagrach NACE in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO) 18

Fíor 2.8: Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí, 2007 go 2021 (CSO). 19

Fíor 2.9: Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO) 20

Fíor 2.10: Ráta 0+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne agus cineál gortaithe in 2021 (CSO) 20

Fíor 2.11: Ráta 4+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir earnáil gheilleagrach NACE in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO) 21

Fíor 2.12: Ráta 4+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO) 22

Fíor 2.13: Ráta 0+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne agus cineál tinnis in 2021 (CSO). 22

Fíor 2.14: Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir aoisghrúpa in 2021 (CSO) 23

Fíor 2.15: Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir ghairm bheatha an íospartaigh in 2021 (CSO) 23

Tábla 2.3: Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir réigiún NUTS in 2021 (CSO) 24

**3. STAITISTICÍ GORTUITHE NEAMH-MHARFACHA 25**

Fíor 3.1: Ráta na dteagmhas marfach a bhain leis an obair in aghaidh 100,000 oibrí, 1998–2022 25

Fíor 3.2: Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir earnáil gheilleagrach NACE, 2022 (HSA) 26

Fíor 3.3: Céatadán na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir stádas fostaíochta an íospartaigh, 2022 (HSA) 26

Fíor 3.4: Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir stádas fostaíochta an íospartaigh agus earnáil gheilleagrach NACE, 2022 (HSA) 27

Fíor 3.5: Ráta na dteagmhas marfach a bhain leis an obair in aghaidh 100,000 oibrí, 1998–2022 (HSA) 28

Fíor 3.6: Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir inscne agus banda aoise, 2022 (HSA) 29

Fíor 3.7: Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir banda aoise, 2022 (HSA) 29

Fíor 3.8: Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair i bpríomhearnálacha geilleagracha NACE lenar bhain íospartaigh a bhí faoi bhun 65 bliain d'aois agus 65 bliain d'aois nó níos sine, 2022 (HSA) 30

Fíor 3.9: Líon na dteagmhas marfach a tharla d'íospartaigh a bhí 65 bliain d'aois nó níos sine gach bliain, 1990–2022 (HSA) 30

Fíor 3.10: Na cúig mhodh gortaithe ba mhó a bhí bainteach le teagmhais mharfacha, 2022 (HSA) 31

Fíor 3.11: Feithiclí bainteach le teagmhais mharfacha, 2022 (HSA) 31

**4. AGUISÍN** **33**

Tábla 4.1: Líon agus céatadán na dteagmhas neamh-mharfach de réir cúise in earnálacha geilleagracha roghnaithe, 2022 (HSA) 33

Tábla 4.2: Líon agus ráta na ndaoine a d'fhulaing gortú agus tinneas, 2016–2021 (CSO) 34

Tábla 4.3: Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir earnáil gheilleagrach NACE, 2013–2022 (HSA) 35

Tábla 4.4: Líon agus ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus stádas fostaíochta an íospartaigh, 2022 (HSA) 36

Tábla 4.5: Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus bhanda aoise an íospartaigh, 2022 (HSA) 36

Tábla 4.6: Ráta na dteagmhas marfach a tharla d'oibrí a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir náisiúntachta, 2015–2022 (HSA) 37

Tábla 4.7: Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus cúise, 2022 (HSA) 37

Tábla 4.8: Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus modh gortaithe, 2022 (HSA) 38

Tábla 4.9: Ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir réigiún NUTS 2015–2022 (HSA) 38

Fíor 4.10: Ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir réigiún NUTS in 2022 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA) 39

**TAGAIRTÍ** **40**

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fáiltím roimh an deis seo an tAthbhreithniú Bliantúil ar Ghortuithe, Tinnis agus Básanna san Ionad Oibre a chur i láthair le haghaidh 2021–2022.

Ba é an bhliain 2022 an chéad uair le 171 bliain a sháraigh daonra na hÉireann cúig mhilliún duine. De réir thorthaí dhaonáireamh na bliana seo caite, bhí 5,149,139 duine sa Stát Dé Domhnaigh, 3 Aibreán 2022, méadú 8% ar an daonáireamh roimhe sin in 2016. Ag deireadh na bliana seo caite, measadh go raibh 2,574,500 duine fostaithe, méadú 2.7% (68,600) ó 2,506,000 sa cheathrú ráithe de 2021.

Is é fís an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta go mbeadh saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla againn. I bhfianaise an chúlra sin, is é sin daonra atá ag dul i méid, lucht saothair atá ag dul i méid, agus comhthéacs ina bhfuil ionchais fostaithe ag athrú i dtimpeallacht oibre atá ag éirí níos cumaiscthe agus níos digitithe, tá ár ról i sláinte agus sábháilteachta ceirde a rialú ag éirí níos casta. Tá sonraí staitistiúla atá iontaofa, inchomparáide agus cothrom le dáta a tháirgeadh riachtanach chun cuspóirí beartais a bhunú agus chun bonn eolais a chur faoi bhearta beartais agus gníomhartha coisctheacha oiriúnacha chun ár bhfís a bhaint amach.

Tá sé d'oibleagáid faoin dlí ar gach fostóir agus duine féinfhostaithe gortú fostaí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta má tharla sé de bharr teagmhas ag an obair a fhágann go bhfuil an t-oibrí as láthair ón obair ar feadh ceithre lá nó níos mó. Ar an gcaoi chéanna, caithfear teagmhais a bhaineann leis an obair a thuairisciú don Údarás freisin má bhíonn tionchar acu ar dhaoine nach oibrí iad agus go gcaithfear an té a gortaíodh a bhaint ó shuíomh an teagmhais le cóir leighis a chur orthu i saoráid leighis. Measaimid na sonraí a ghintear ó na tuairiscí a fhaighimid go díreach, chomh maith le foinsí sonraí eile ar nós Shuirbhé CSO ar an Lucht Saothair, chomh maith le hionchuir ónár n-imscrúduithe féin ar theagmhais agus básanna tromchúiseacha chun pictiúr a thabhairt den tírdhreach ar an iomlán agus chun athruithe le himeacht ama a mhapáil. Trí bhrath ar fhoinsí iomadúla, iad siúd a bhaineann le teagmhais a thuairiscítear go díreach don HSA, agus sonraí CSO faoi laethanta oibre a chailltear de bharr gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair, tosaímid ag spíonadh amach ní hamháin na tionchair dhíreacha ar oibrithe, ach freisin an tionchar ar chomhghleacaithe, agus ar oibriú an ghnó féin. Gach bliain, tugann torthaí na tuarascála seo tuiscint shoiléir dúinn ar fháthanna agus saintréithe gortuithe, tinneas agus básanna a tharlaíonn in ionaid oibre ar fud na hÉireann.

Braitheann an tuarascáil seo ar shonraí ó 2021 agus 2022 araon. Faoi dheireadh na tréimhse sin, bhí deireadh nach mór leis na bearta coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm chun leathnú an Choróinvíris a shrianadh agus chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, agus bhíomar ag feiceáil tús théarnamh an gheilleagair. Ach i gcás cuid den tréimhse faoi athbhreithniú, bhí stop iomlán nó srian ollmhór ar chuid de na gníomhaíochtaí geilleagracha. In go leor earnálacha, d'éirigh cianobair nó obair ón mbaile sách coitianta. Mar gheall air sin ar fad, tá an tréimhse faoi athbhreithniú sách neamhghnách agus is féidir leis sin dúshláin a chruthú sna comparáidí idir blianta. Chun é sin a mhaolú a mhéid is féidir, cuirtear meáin cúig bliana i láthair sa tuarascáil ar fad chun dearcadh níos cothroime a chur ar fáil.

D'ainneoin shuaitheadh an ghnáthshaoil oibre agus laethúil (agus gur cuireadh an gnáthshaol ar sos go rialta) sa tréimhse sin, bhí líon na dteagmhas neamh-mharfach ard fós in 2021 ag 8,371, agus d'fhás sé sin 8% go 9,070 in 2022. Ba iad láimhsiú sábháilte agus titimí na cúiseanna ba choitianta in 2022, mar a bhí gach bliain ó 2018.

Cé gur féidir le gortú fisiciúil a bheith ina thoradh uafásach ar go leor teagmhas san ionad oibre, is féidir le teagmhais mar sin tionchar suntasach a imirt ar líon na laethanta oibre a chailltear freisin, rud a imríonn tionchar ar ualach oibre foirne agus ar ghnáthoibríochtaí gnó. Thit líon na laethanta a cailleadh de bharr gortuithe neamh-mharfacha a bhain leis an obair 40% go 432,000 in 2021, i gcomparáid leis an meán cúig bliana le haghaidh 2017–2021 (604,040). Ba iad na cineálacha gortaithe ba choitianta cur as alt, leonadh nó stangadh (5.4 in aghaidh 1,000 oibrí) agus créacht nó gortú dromchlach (5.1 in aghaidh 1,000 oibrí).

Eascraíonn tionchair shuntasacha eile as na ceisteanna sláinte agus sábháilteachta nach mbaineann le gortuithe, ar a dtugtar 'tinnis' sa tuarascáil. Ag 1,175,000, bhí líon na laethanta a cailleadh de bharr tinnis a bhain leis an obair in 2021 16% níos airde ná an meán cúig bliana (2017–2021). Ba iad na cineálacha tinneas ba choitianta fadhbanna éisteachta, tinneas cinn, saoth súl, fadhbanna croí, agus tinnis lena mbaineann (12.9 in aghaidh 1,000 oibrí), agus fadhbanna cnáimhe, ailt nó matáin (10.6 in aghaidh 1,000 oibrí). Bhí rátaí níos airde ag oibrithe baineanna i gceithre cinn de na cúig chineál tinnis a bhaineann leis an obair, go háirithe strus, dúlagar nó



**Conor O'Brien**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

imní (9.0 in aghaidh 1,000 oibrí), i gcomparáid le hoibrithe fireanna (3.5 in aghaidh 1,000 oibrí).

Ba iad na hearnálacha ba mhó ar imir teagmhais mharfacha a bhain leis an obair tionchar orthu Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht (14, 50%) agus Foirgníocht (7, 25%). Tá ró-ionadaíocht na dteagmhas marfach i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht cosúil leis an bpatrún a bhí ann sna blianta roimhe sin, le 44% de na teagmhais mharfacha ar fad sa tréimhse cúig bliana ó 2018 ag tarlú san earnáil seo.

Cé go bhfuil líon na mbásanna a bhain leis an obair in 2022 ar an líon is ísle a taifeadadh riamh, tá sé tábhachtach a shonrú go bhfuil imscrúduithe ar bun faoi láthair a d'fhéadfadh líon na mbásanna a tuairiscíodh/a taifeadadh a mhéadú.

As an 28 saol a cailleadh i dteagmhais a bhain leis an obair in 2022, b'fhir gach duine seachas duine amháin. Ar cheann de na príomhfháthanna a d'fhéadfadh líon na dtimpistí a bheith níos airde d'fhir (ná do mhná) tá na gníomhaíochtaí geilleagracha inar mó seans go mbeidh siad ag obair. Go deimhin, ar fud an Aontais Eorpaigh, bíonn athrú mór i ráta na dteagmhas marfach ag an obair ag brath ar an ngníomhaíocht gheilleagrach atá i gceist agus bíonn sé as riocht i leith gníomhaíochtaí inar mó seans go mbeidh fir ná mná fostaithe.

I gcás gach duine den 28 a chaill a saol ar an drochuair in 2022, fuair siad bás de bharr teagmhas a bhain leis an obair a d'fhéadfaí a chosc. Sin an líon is lú de theagmhais mharfacha a taifeadadh in aon bhliain ó bunaíodh an tÚdarás in 1989, agus cé go bhféadfaí a rá gur forbairt dhearfach é sin, is gá a rá arís agus arís eile gur bás de bharraíocht é bás amháin.

Cé gur tharla an 28 bás ar fud gach aoisghrúpa, bhain díreach faoi bhun trí cheathrú díobh le híospartaigh a bhí 55 bliain d'aois nó níos sine, le deichniúr íospartach 55–64 bliain d'aois (36%) agus naonúr íospartach 65 bliain d'aois nó níos sine (32%). Bhí an t-aoisghrúpa sin an-suntasach i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht, áit ar tharla ocht dteagmhas mharfacha d'íospartaigh 65 bliain d'aois nó níos sine.

Mar eagraíocht shonraí-threoraithe, braitheann an tÚdarás ar anailís staitistiúil mar bhonn ar a dtógfaimid cláir, tionscnaimh agus tacaíochtaí amach anseo, ionas gur fearr a chomhlíonfaimid ár bhfís de shaolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla. Arís eile, tá ár n-athbhreithniú bliantúil ag léiriú treocht a chruthaíonn ábhar imní de mhéadú ar ghortuithe agus básanna i measc fir fhéinfhostaithe níos sine a bhíonn i mbun obair láimhe. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí d'idirghabhálacha spriocdhírithe chun tábhacht na sláinte agus na sábháilteachta a chur in iúl go láidir don chohórt áirithe sin.

Le deich mbliana anuas (2013 go 2022), bhí tarracóirí, cuadrothair, feithiclí agus innealra ag baint le formhór na mbásanna Feirmeoireachta a bhain leis an obair. Bhí úsáid shábháilte cuadrothar agus feithiclí agus innealra feirme eile ina príomhfhócas ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2023. Tháinig rialacháin nua i bhfeidhm in 2023, faoina n-éilítear ar gach úsáideoir feithicle ilraoin/cuadrothair clogad a chaitheamh agus tabhairt faoin oiliúint chuí.

Nuair a dhéantar anailís éifeachtach ar ár sonraí, tugtar tuiscint níos iomláine dúinn ar ár dtírdhreach, agus cuirtear ar ár gcumas dúinn ár bpróisis rialála a fhorbairt go cuí agus a chinntiú go bhfuilimid ag díriú ar na réimsí cearta. I dteannta a chéile, na bpáirtithe leasmhara uile agus gach duine ag a bhfuil dualgais, leanfaimid ag obair i dtreo tús áite a dhéanamh den tsláinte agus sábháilteacht do chách.

Tá an tÚdarás anseo chun tacú agus cabhrú le gach fostóir agus fostaí chun na hionaid oibre is sábháilte is féidir a bhaint amach, le go dtabharfar líon na dtinneas, na ngortuithe agus na mbásanna chomh gar do nialas agus is féidir. Tá flúirse ábhar agus tacaíochtaí ar fáil ar líne a dhéanann éasca é an buneolas a thuiscint agus d'oibleagáidí a sheiceáil. Is uirlis ar líne saor in aisce é ár micreashuíomh tiomanta BeSMART.ie a chuireann ar a gcumas d'aon duine measúnuithe riosca agus ráiteas sábháilteachta don ionad oibre a ghiniúint iad féin, rud a chabhraíonn le gnóthaí beaga cloí lena n-oibleagáidí go héasca.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann an Údaráis, ár mBord, ár bpáirtithe leasmhara iomadúla, agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin do na fostóirí, na fostaithe agus na hoibrithe féinfhostaithe ar fad a chuireann sláinte agus sábháilteachta ag croí a gcuid oibre.

**Conor O'Brien**

*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
*20 Samhain 2023*



# Achoimre Fheidhmeach

**9,070**
Teagmhas Neamh-mharfach a tuairiscíodh do HSA in 2022

**28**
Teagmhas Marfach a Bhain leis an Obair

**432,000**
Lá a cailleadh de bharr gortuithe a bhain leis an obair (CSO)

**1,175,000**
Lá a cailleadh de bharr tinnis a bhain leis an obair (CSO)

## Sonraí HSA faoi Theagmhais Neamh-mharfacha

In 2022, bhí méadú ar líon na dteagmhas neamh-mharfach a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcomparáid le 2021. Is dócha gur tharla an méadú sin mar gheall ar, i bpáirt, an méadú ar fhigiúirí fostaíochta agus an ghníomhaíocht gheilleagrach athnuaite in 2022 i ndiaidh phaindéim COVID-19.

Bhí an 9,070 teagmhas neamh-mharfach a tuairiscíodh in 2022 8% níos airde ná 2021, 16% níos airde ná 2020 agus 3% níos ísle ná 2019. Tuairiscíodh méadú ar theagmhais neamh-mharfacha i 13 de na 19 n-earnáil gheilleagracha in 2022 i gcomparáid le 2021.

Bhí an méadú ba mhó i nGníomhaíochtaí Airgeadais agus Árachais, inar tuairiscíodh 83 teagmhas neamh-mharfach in 2022, i gcomparáid le 42 teagmhas neamh-mharfach in 2021.

Ba iad láimhsiú sábháilte agus titimí na cúiseanna ba choitianta in 2022, mar a bhí gach bliain ó 2018.

Ba é an droim an ball coirp ar imríodh tionchar air sa líon ba mhó de theagmhais neamh-mharfacha a bhain d'oibrithe. Tuairiscíodh gortuithe droma i 26% de theagmhais oibrithe, ach níor tuairiscíodh iad ach i 5% de na teagmhais a bhain de dhaoine nach oibrí iad. Tharla sé sin mar go raibh níos mó oibrithe páirteach i ngortuithe láimhsithe shábháilte mar gheall ar earraí troma a ardú nó a bhogadh ná daoine nach oibrí iad. I gcás daoine nach oibrí iad, ba é an cloigeann an ball coirp is minice a gortaíodh (37%). Tharla na gortuithe cloiginn sin i ndiaidh sciorrthaí nó titimí den chuid is mó.

Ba é an timpeallacht oibre ba choitianta i gcás teagmhais neamh-mharfacha a bhain leis an obair Limistéir Thionsclaíocha nó Chothabhála i gcás oibrithe (26%) agus Siopa, Limistéir Gníomhaíochta Seirbhíse i gcás daoine nach oibrí iad (50%).

## Modúl Speisialta CSO maidir le Gortú agus Tinneas a Bhaineann leis an Obair

Baineann na sonraí is deireanaí atá ar fáil ó mhodúl CSO maidir le gortú agus tinneas a bhaineann leis an obair le 2021.

Thit líon na laethanta a cailleadh de bharr gortuithe neamh-mharfacha a bhain leis an obair 40% go 432,000 in 2021, i gcomparáid leis an meán cúig bliana le haghaidh 2017–2021 (604,040); agus d'ardaigh líon na laethanta a cailleadh de bharr tinnis a bhain leis an obair 16% ó 987,600 (meán 2017–2021) go 1,175,000 in 2021.

Ba iad na trí earnáil gheilleagracha ina raibh na rátaí ab airde de ghortú neamh-mharfach as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair Iompar agus Stóráil (15.8 in aghaidh 1,000 oibrí), le Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta (15.0 in aghaidh 1,000 oibrí) agus Foirgníocht (10.1 in aghaidh 1,000 oibrí) ina dhiaidh sin.

I ngach ceann de na cúig bliana ó 2017 go 2021, bhí Foirgníocht agus Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta i measc na gcúig earnáil ba mhó inar tharla teagmhais as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair.

Ba iad na trí earnáil ina raibh na rátaí ab ísle de ghortú neamh-mharfach as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair in 2021 Gníomhaíochtaí Airgeadais, Árachais agus Eastáit Réadaigh (1.5 in aghaidh 1,000 oibrí), le Gníomhaíochtaí Riaracháin agus Seirbhísí Tacaíochta (2.1 in aghaidh 1,000 oibrí) agus Faisnéis agus Cumarsáid (níor tuairiscíodh aon ghortú a bhain leis an obair) ina dhiaidh sin.

In 2021, bhí 8.5 gortú neamh-mharfach as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair in aghaidh 1,000 oibrí fireann, i gcomparáid le 5 in aghaidh 1,000 oibrí baineann. Tá sé sin ag teacht leis an líon a bhí ann le blianta beaga anuas, tráth a raibh rátaí gortaithe níos airde ag oibrithe fireanna ná oibrithe baineanna i ngach ceann de na cúig bliana ó 2017.

In 2021, ba iad na cineálacha gortaithe ba choitianta d'fhir agus do mhná araon cur as alt, leonadh nó stangadh (5.4 in aghaidh 1,000 oibrí) agus créacht nó gortú dromchlach (5.1 in aghaidh 1,000 oibrí).

Thuairiscigh oibrithe baineanna rátaí níos airde de thinnis a bhain leis an obair ná oibrithe fireanna as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair in aghaidh 1,000 oibrí. In 2021, bhí an ráta tinneas a bhain leis an obair i gcás oibrithe baineanna ag 25.9 in aghaidh 1,000 oibrí, i gcomparáid le 18.8 in aghaidh 1,000 oibrí i gcás oibrithe fireanna. Bhí rátaí tinneas níos airde ag oibrithe baineanna i gceithre cinn de na cúig bliana ó 2017.

Ba iad na cineálacha tinneas ba choitianta fadhbanna éisteachta, tinneas cinn, saoth súl, fadhbanna croí, agus tinnis lena mbaineann (12.9 in aghaidh 1,000 oibrí), agus fadhbanna cnáimhe, ailt nó matáin (10.6 in aghaidh 1,000 oibrí).

Is i réigiún Lár-Iarthar an Chláir, Thiobraid Árann agus Luimnigh, a bhí na rátaí ab airde de ghortuithe a bhain leis an obair (20.8 in aghaidh 1,000 oibrí), agus is i mBaile Átha Cliath a bhí na rátaí ab airde de thinnis a bhain leis an obair (40.4 in aghaidh 1,000 oibrí).

# Teagmhais Mharfacha

Tharla 28 teagmhas marfach a bhain leis an obair in 2022. Sin an líon is lú de theagmhais mharfacha a taifeadadh in aon bhliain ó bunaíodh an tÚdarás in 1989. Bhí an líon ba lú de theagmhais mharfacha roimhe sin in 2021 (bliain ar tharla 38 teagmhas marfach).

As an 28 teagmhas marfach a bhain leis an obair in 2022, tharla 14 (50%) i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht as féin, agus tharla seacht gcinn (25%) i bhFoirgníocht. I gcás Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta, tá sé sin cosúil leis an bpatrún a bhí ann sna blianta roimhe sin, le 44% de na teagmhais mharfacha ar fad sa tréimhse cúig bliana ó 2018 ag tarlú san earnáil sin.

Tharla deich gcinn de na teagmhais mharfacha ar fad in 2022 d'fhostaithe (36%), agus tharla 14 theagmhas mharfacha do dhaoine féinfhostaithe, trí cinn do dhaoine nach oibrí iad agus ceann amháin d'oibrí ar ball den teaghlach é. Tharla níos mó teagmhais mharfacha do dhaoine féinfhostaithe ná d'fhostaithe i sé cinn de na deich mbliana ó 2013 go 2022.

Tharla teagmhais mharfacha d'íospartaigh ó gach aoisghrúpa, seachas an t-aoisghrúpa 18–24, ach bhain an líon ab airde le daoine a bhí 55–64 bliain d'aois (10, 36%).

Tharla 11 teagmhas mharfacha in 2022 mar gheall ar thitimí ó airde (39%), deich gcinn mar gheall ar mheán iompair ag dul ó smacht (36%) agus tharla dhá cheann mar gheall ar rudaí a thit anuas (7%).

B'fhir gach duine seachas duine amháin den 28 íospartach de theagmhais mharfacha.

1



# An Réamhrá

San Athbhreithniú Bliantúil ar Staitisticí Gortuithe, Tinneas agus Básanna san Ionad Oibre ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, cuirtear na sonraí is deireanaí atá ar fáil i láthair faoi na básanna, na gortuithe agus na tinnis a bhaineann leis an obair in Éirinn. Bíonn trí phríomhfhoinse ag na sonraí sin: 1) coinníonn an tÚdarás bunachar sonraí de na teagmhais neamh-mharfacha a thuairiscítear dó, 2) tá clár cuimsitheach ag an Údarás de na teagmhais ar fad a bhain leis an obair inar bhásaigh duine agus 3) bailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) sonraí faoi ghortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair mar mhodúl ina Suirbhé ar an Lucht Saothair. Ach tá teorainneacha leis na sonraí sin. Tá bunachar sonraí HSA de theagmhais neamh-mharfacha teoranta mar gheall ar thearcthuairisciú in earnálacha áirithe. Díorthaítear sonraí CSO, ar an láimh eile, ó shuirbhé ina mbíonn faisnéis nach mbíonn chomh mionsonraithe céanna agus ina mbíonn an méid sampla beag.[1] Dá bhrí sin, is féidir le líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair in earnálacha geilleagracha áirithe a bheith an-íseal. Mar sin, ba cheart léirmhíniú cúramach a dhéanamh ar na torthaí.

## Foinsí Sonraí agus Modheolaíocht

### Sonraí HSA faoi Theagmhais Neamh-mharfacha

Baineann sonraí HSA maidir le teagmhais mharfacha agus neamh-mharfacha sa tuarascáil seo le 2022. Bailíonn an tÚdarás sonraí faoi theagmhais ag an obair mar chuid dá cheanglas cloí le Creat-Treoir 89/391/CEE (1) maidir le bearta chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh. Sonraítear i modheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh i leith Tionóiscí ag an Obair (SETO)[2] an fhaisnéis atá le bailiú ag an Údarás.

Anuas air sin, faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2016, tá sé d'oibleagáid faoin dlí ar gach fostóir agus duine féinfhostaithe gortú fostaí a thuairisciú má tharla sé de bharr teagmhas ag an obair a fhágann go bhfuil an t-oibrí as láthair ón obair ar feadh ceithre lá nó níos mó. Caithfear teagmhais a bhaineann leis an obair a thuairisciú don Údarás freisin má bhíonn tionchar acu ar dhaoine nach oibrí iad agus go gcaithfear an té a gortaíodh a bhaint ó shuíomh an teagmhais le cóir leighis a chur orthu i saoráid leighis. Áirítear le teagmhais a thuairiscítear mar sin sonraí tábhachtacha ar nós na cúise (.i. an fáth ar tharla an teagmhas) agus an cineál gortaithe.

1 Bhí méid sampla 563 ann i mbliana, lena n-áirítear athróga díreacha agus ionadacha.

2 Tá níos mó eolais faoi mhodheolaíocht SETO ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3859598/5926181/KS-RA-12-102-EN.PDF.pdf/56cd35ba-1e8a-4af3-9f9a-b3c47611ff1c?t=1414782641000.

Ach is dócha go bhfuil cuid éigin de thearcthuairisciú ar theagmhais a bhaineann leis an obair in earnálacha áirithe, toisc gur lú seans go dtuairisceoidh fiontair níos lú agus daoine féinfhostaithe teagmhais i gcomparáid le fiontair níos mó. Mar sin féin, tugann sonraí HSA faoi theagmhais neamh-mharfacha léargais thábhachtacha ar theagmhais a tharlaíonn in ionaid oibre na hÉireann gach bliain.

Tuairiscítear teagmhais neamh-mharfacha don Údarás cúpla mí i ndiaidh an teagmhais uaireanta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh líon na dteagmhas a thuairiscítear sa cháipéis seo athrú. Mar shampla, tuairiscíodh líon na dteagmhas neamh-mharfach le haghaidh 2021 mar 8,279 san Athbhreithniú Bliantúil ar Staitisticí Gortuithe, Tinneas agus Básanna san Ionad Oibre le haghaidh 2020–2021, ach d'ardaigh sé sin go 8,371 tráth foilsithe na tuarascála seo mar gheall ar thuairisciú deireanach teagmhas eile.

## Modúl CSO maidir le Gortú agus Tinneas a Bhaineann leis an Obair sa Suirbhé ar an Lucht Saothair

Tugann CSO faoi mhodúl speisialta maidir le gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair sa Suirbhé ar an Lucht Saothair gach bliain. Déantar suirbhé ar theaghlaigh faoi ghortuithe nó tinnis a bhain leis an obair a tharla sa 12 mhí roimhe sin. Tugadh faoin suirbhé is deireanaí sa chéad ráithe de 2022; dá bhrí sin, baineann na sonraí le 2021.

Baineann na sonraí sin ó CSO den chuid is mó le gortuithe nó tinnis as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair, ar a dtugtar 4+ lá tinneas nó gortuithe san athbhreithniú seo. Ach tugann sonraí CSO roinnt faisnéise freisin faoi ghortuithe agus tinnis nár bhain aon chaillteanas oibre leo. San athbhreithniú seo, baineann Fíor 2.13, Fíor 2.14 agus Fíor 2.15 leis an gcatagóir níos leithne sin, ar a dtugtar 0+ lá gortuithe nó tinneas.

Áirítear le suirbhé CSO faisnéis nach bhfuil chomh mionsonraithe a bhain leis na cúinsí a bhain leis an teagmhas ná sonraí HSA ar theagmhais a bhaineann leis an obair.

Cé go bhfuil an mhéid sampla don mhodúl áirithe seo den Suirbhé ar an Lucht Saothair íseal, tá sí bunaithe ar shampla ionadaíoch den daonra agus, dá réir sin, tugtar léargas ar ghortuithe a bhaineann leis an obair a d'fhéadfadh a bheith tearcthuairiscithe don Údarás. Áirítear faisnéis thábhachtach faoi thinnis a bhaineann leis an obair sa suirbhé freisin.

## Sonraí HSA faoi Theagmhais Mharfacha

Déanann cigirí imscrúdú ar na teagmhais mharfacha ar fad a bhaineann leis an obair a thuairiscítear don Údarás, agus cuireann siad tuairiscí mionsonraithe i dtoll a chéile a chódaítear le modheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh i leith Tionóiscí ag an Obair (SETO).

Uaireanta, is féidir teagmhais mharfacha a chur in iúl don Údarás cúpla mí i ndiaidh dóibh tarlú. Mar shampla, d'fhéadfadh gortuithe tarlú d'íospartach teagmhais a d'fhéadfadh bás a fháil ina dhiaidh sin mar gheall air, nó d'fheadfaí a chinneadh go raibh teagmhas marfach bainteach leis an obair ina dhiaidh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh líon na dteagmhas a thuairiscítear anseo athrú.

## Daonra Oibre Shuirbhé CSO ar an Lucht Saothair

Chun forleithne teagmhas agus tinneas a bhaineann leis an obair in earnálacha geilleagracha difriúla agus le himeacht ama a chur i gcomparáid, ríomhtar rátaí teagmhas agus tinneas a bhaineann leis an obair mar chomhréir d'oibrithe. I gcás teagmhas agus tinneas neamh-mharfach, ríomhtar na rátaí in aghaidh 1,000 oibrí, agus i gcás teagmhas neamh-mharfach, ríomhtar na rátaí in aghaidh 100,000 oibrí. Déantar sin mar go mbíonn i bhfad níos mó teagmhas agus tinneas neamh-mharfach ná marfach.

Tugtar líon na n-oibrithe sa gheilleagar gach ráithe i Suirbhé CSO ar an Lucht Saothair, mar sin ríomhadh rátaí ag úsáid an mheánleibhéil fostaíochta in imeacht na gceithre ráithe den bhliain ábhartha.






# Staitisticí Gortuithe agus Tinneas Neamh-mharfach

## Gortuithe Neamh-mharfacha a Tuairiscíodh do HSA

In 2022, tuairiscíodh 9,070 gortú neamh-mharfach don Údarás, méadú 8% ón 8,371 a tuairiscíodh in 2021, 3% níos airde ná an meán cúig bliana sa tréimhse 2018–2022 agus laghdú 3% i gcomparáid le 2019. Is dócha gur féidir é sin a mhíniú go páirteach leis na leibhéil mhéadaithe fostaíochta i ndiaidh dhúnadh gnóthaí in 2021 mar gheall ar COVID-19.

As an 9,070 teagmhas neamh-mharfach a tuairiscíodh in 2022, bhain 96% le hoibrithe. Tuairiscíodh an líon is airde in earnáil gheilleagrach NACE Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta, ina raibh 22% de na teagmhais ar fad. I gcás teagmhais a bhain le daoine nach oibrí iad, tuairiscíodh an líon is airde i dTrádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar (99), ina raibh 27% de na teagmhais ar fad a bhain le daoine nach oibrí iad. Tá níos mó sonraí i dTábla 4.1 den Aguisín.

**In 2022, tuairiscíodh**
**9,070**
**gortú neamh-mharfach don Údarás,**

**méadú 8% ón 8,371 a tuairiscíodh in 2021.**



**Tábla 2.1:**

**Gortuithe a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach, 2022 (HSA).**

| | Oibrithe | | Daoine nach oibrí iad | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % |
| Q – Sláinte an Duine & Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta | 2,051 | 23.6 | 19 | 5.2 | 2,070 | 22.8 |
| C – Déantúsaíocht | 1,508 | 17.3 | 6 | 1.7 | 1,514 | 16.7 |
| G – Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | 973 | 11.2 | 99 | 27.3 | 1,072 | 11.8 |
| F – Foirgníocht | 878 | 10.1 | 16 | 4.4 | 894 | 9.9 |
| H – Iompar & Stóráil | 782 | 9 | 89 | 24.5 | 871 | 9.6 |
| O – Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | 771 | 8.9 | 13 | 3.6 | 784 | 8.6 |
| P – Oideachas | 338 | 3.9 | 97 | 27.7 | 435 | 4.8 |
| N – Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 430 | 4.9 | 2 | 0.6 | 432 | 4.8 |
| I – Gníomhaíochtaí Seirbhísí Cóiríochta & Bia | 153 | 1.8 | 4 | 1.1 | 157 | 1.7 |
| S – Gníomhaíochtaí Seirbhísí Eile | 136 | 1.6 | 2 | 0.6 | 138 | 1.5 |
| E – Uisce, Séarachas, Bainistíocht Dramhaíola & Seirbhísí Feabhsaithe | 133 | 1.5 | 3 | 0.8 | 136 | 1.5 |
| A – Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | 120 | 1.4 | 0 | 0 | 120 | 1.3 |
| M – Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha & Teicniúla | 112 | 1.3 | 1 | 0.3 | 113 | 1.3 |
| K – Gníomhaíochtaí Airgeadais & Árachais | 78 | 0.9 | 5 | 1.4 | 83 | 0.9 |
| R – Na hEalaíona, Siamsaíocht & Áineas | 63 | 0.7 | 5 | 1.4 | 68 | 0.8 |
| J – Faisnéis & Cumarsáid | 59 | 0.7 | 1 | 0.3 | 60 | 0.7 |
| B – Mianadóireacht & Cairéalacht | 45 | 0.5 | 0 | 0 | 45 | 0.5 |
| D – Soláthar Leictreachais, Gáis, Gaile & Aerchóirithe | 39 | 0.5 | 1 | 0.3 | 40 | 0.4 |
| L – Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh | 37 | 0.4 | 0 | 0 | 37 | 0.4 |
| U – Gníomhaíochtaí Eagraíochtaí & Comhlachtaí Seach-Chríochacha | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **8,707** | **100** | **363** | **100** | **9,070** | **100** |



**B'fhostaithe formhór na n-íospartach de ghortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás (94%).**

Is dócha go bhfuil cuid éigin de thearcthuairisciú teagmhas i measc daoine féinfhostaithe agus gnóthaí beaga. Tuairiscíodh 363 teagmhas a bhain le daoine nach oibrí iad, líon a léiríonn 4% de na gortuithe ar fad.

**Tábla 2.2:**

**Líon na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir stádas fostaíochta, 2022 (HSA)**

| | # | % |
|---|---|---|
| Fostaí | 8,509 | 93.8 |
| Duine nach oibrí iad | 363 | 4.0 |
| Féinfhostaithe | 116 | 1.3 |
| Oiliúnaí | 61 | 0.7 |
| Oibrí ar ball den teaghlach é | 4 | 0.04 |
| Ní fios an stádas fostaíochta | 17 | 0.2 |
| **Iomlán** | **9,070** | **100** |


Úsáidtear an téarma *cúis* chun cur síos a dhéanamh ar an bhfáth ar tharla teagmhas. Léirítear i bhFíor 2.1 na cúig chúis ba mhó le teagmhais neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás in 2022, sa chás gur sainaithníodh cúis shoiléir. Ba é an chúis aonair ba choitianta láimhsiú sábháilte as ar eascair gortú inmheánach (2,712, 30%). D'eascair 2,264 (25%) gortú as sciorradh nó titim; astu sin, ba thitim ón leibhéal céanna iad 81% agus ba thitim ó airde a bhí i gceist le 19%. Bíonn láimhsiú sábháilte agus titimí in éindí i gceist le 55% de na gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás in 2022.

As an 1,005 teagmhas neamh-mharfach a bhain le hearraí, innealra agus feithiclí ag dul ó smacht, bhain 31% le feithiclí ag dul ó smacht, bhain 24% le huirlisí láimhe ag dul ó smacht, agus bhain 17% le hinnealra ag dul ó smacht.

Léirítear i bhFíor 2.1 freisin an meánlíon teagmhas sa tréimhse cúig bliana ó 2018–2022 i gcás na gcúig chúis ba choitianta, agus ba iad láimhsiú sábháilte agus titimí na cúiseanna ba choitianta le blianta beaga anuas.

**Fíor 2.1:**

**Na cúig ghortú neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh de réir cúise, 2021 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA).**





Léirítear i bhFíor 2.2 na trí chúis ba mhó le haghaidh na sé earnáil gheilleagracha inar tuairiscíodh an líon is airde de ghortuithe neamh-mharfacha don Údarás, sa chás inar sainaithníodh cúis shoiléir.

Bhí cúiseanna a bhain le láimhsiú sábháilte agus sciorradh/titim i measc an dá chúis ba mhó le haghaidh na n-earnálacha geilleagracha móra.


**Fíor 2.2a:**

**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh, 2022 (HSA).**





**Fíor 2.2b:**

**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh sa Tionscal[3], 2022 (HSA)**




**Fíor 2.2c:**


**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh sa Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola, 2022 (HSA)**




3 Léiríonn Tionscal cumasc de cheithre earnáil gheilleagracha NACE: B – Mianadóireacht agus cairéalú, C – Déantúsaíocht, D – Soláthar leictreachais, gáis, gaile & aerchóirithe, agus E – Soláthar uisce agus bainistíocht dramhaíola.


**Fíor 2.2d:**

**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh i bhFoirgníocht, 2022 (HSA)**





**Fíor 2.2e:**

**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh i Riarachán Poiblí agus Cosaint, 2022 (HSA)**





**Fíor 2.2f:**

**Na trí chúis neamh-mharfacha is mó a tuairiscíodh in Iompar agus Stóráil, 2022 (HSA)**



**Fíor 2.3:**

**Na baill coirp is mó a gortaíodh i measc oibrithe agus daoine nach oibrí iad in 2022 (HSA)**





Ba é an droim an ball coirp ba mhó a gortaíodh i measc oibrithe in 2022, le 26% de na teagmhais neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás i gceist leis. Tá sé sin ag teacht leis an méid a tuairiscíodh le blianta beaga anuas, le gortuithe droma i gceist le 27% de na gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás idir 2018 agus 2022. Tharla gortuithe droma neamh-mharfacha mar gheall ar theagmhais láimhsithe shábháilte den chuid is mó.

Ba é an cloigeann an ball coirp ba mhó a gortaíodh i measc daoine nach oibrí iad (37%). Ba é an chúis ba choitianta le gortuithe cloiginn i ndaoine nach oibrí iad titim nó sciorradh, agus gur bhuail siad a gcloigeann ina dhiaidh sin.

**Fíor 2.4:**

**Céatadán na ngortuithe neamh-mharfacha de réir asláithreacht ón obair, 2022 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA).**





I gcás fhormhór na dteagmhas neamh-mharfach a tuairiscíodh don Údarás, cailleadh níos lú ná 14 lá oibre. In 2022, chaill 61% de na teagmhais neamh-mharfacha ar fad a tuairiscíodh 4–6 lá oibre (33%) nó 7–13 (28%) lá oibre; tá sé sin ag teacht leis an meán le haghaidh 2018–2022 (Fíor 2.4).[4]

Léirítear i bhFíor 2.5 na cúig thimpeallacht oibre is mó inar tharla teagmhais d'oibrithe agus do dhaoine nach oibrí iad, sa chás inar sonraíodh an timpeallacht.

I measc na n-oibrithe, tharla 26% de na teagmhais neamh-mharfacha a tuairiscíodh i limistéir thionsclaíocha nó chothabhála, tharla 21% in ospidéil nó i limistéir cúraim sláinte eile, agus tharla 17% i siopa nó limistéir gníomhaíochta seirbhíse. Tharla formhór na dteagmhas i measc daoine nach oibrí iad i siopa nó limistéir gníomhaíochta seirbhíse (50%).

**Fíor 2.5:**

**Na cúig thimpeallacht oibre is mó inar tharla teagmhais d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad in 2022 (HSA)**




4 Gineadh an meán cúig bliana le haghaidh gach catagóire de laethanta caillte trí líon na laethanta a cailleadh i ngach catagóir don tréimhse 2018–2022 a shuimiú agus iad a roinnt ar an líon iomlán teagmhas neamh-mharfach sa tréimhse chéanna.


## Torthaí Mhodúl CSO

Tugann CSO faoi mhodúl speisialta gach bliain den Suirbhé ar an Lucht Saothair maidir le gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair. Baineann na sonraí is deireanaí atá ar fáil don suirbhé sin le 2021. I gcás 2021, thuairiscigh na freagróirí 432,000 lá caillte de bharr gortuithe a bhain leis an obair, laghdú ón meán cúig bliana, 604,040. Is dócha gur tharla an laghdú sin, go páirteach, mar gheall ar ghnóthaí a bheith dúnta de bharr COVID-19 go luath in 2021.

Cailleadh 1,175,000 lá de bharr tinneas a bhain leis an obair, méadú ar an meán cúig bliana 987,600, rud a thugann le fios seans go raibh níos mó oibrithe soghabhálach i leith tinnis de réir mar a thug ionaid oibre cuid dá gcleachtais oibre a bhíodh i bhfeidhm roimh COVID-19 isteach arís in 2021. Tá níos mó sonraí i dTábla 4.2 den Aguisín.

**Fíor 2.6:**


**Laethanta a cailleadh de bharr tinnis agus gortuithe a bhain leis an obair in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO).**




In 2021, ba í an earnáil gheilleagrach NACE ina raibh an ráta is airde de ghortuithe a bhain leis an obair as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair Iompar agus Stóráil (15.8 in aghaidh 1,000 oibrí), le Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta (15.0 in aghaidh 1,000 oibrí) agus Foirgníocht (10.1 in aghaidh 1,000 oibrí) ina dhiaidh sin.


Léirítear i bhFíor 2.7 go mbíonn rátaí níos airde gortuithe le blianta beaga anuas i roinnt de na príomhearnálacha geilleagracha, agus go raibh rátaí gortuithe níos ísle tríd is tríd in earnálacha ar nós Gníomhaíochtaí Airgeadais, Árachais agus Eastáit Réadaigh (2.3 in aghaidh 1,000 oibrí in 2017–2021) agus Faisnéise agus Cumarsáide (1.0 in aghaidh 1,000 oibrí in 2017–2021) le blianta beaga anuas.

Níor tuairiscíodh aon ghortú neamh-mharfach i bhFaisnéis agus Cumarsáid in 2021; dá bhrí sin níor thuairiscigh aon fhreagróir ar mhodúl an tSuirbhé ar an Lucht Saothair san earnáil sin gortuithe a bhain leis an obair as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair.



**Fíor 2.7:**

**Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir earnáil gheilleagrach NACE in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO).**




Léirítear i bhFíor 2.8 an t-athrú ar rátaí gortuithe a bhain leis an obair ba chionsiocair le ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair ó 2007 in earnálacha éagsúla. Bíonn athruithe móra ó bhliain go bliain i roinnt earnálacha.

Tabhair faoi deara gur cheart comparáid idir 2020 agus 2019 a léirmhíniú go cúramach, toisc gur díorthaíodh sonraí 2019 le modúl speisialta Eurostat[5] (a dhéantar gach seacht mbliana nó mar sin) seachas gnáthmhodúl CSO.

**Fíor 2.8:**


**Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí, 2007 go 2021 (CSO).**




5 Bhí ceisteanna difriúla i modúl Eurostat le hais ghnáthmhodúl CSO. Anuas air sin, ní fhéadfadh na freagróirí ach freagairt ar a son féin, agus ní ar son daoine eile sa teaghlach, mar a tharlaíonn go hiondúil.

**Fíor 2.9:**

**Ráta 4+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO).**





In 2021, thuairiscigh oibrithe fireanna níos mó gortuithe a bhain leis an obair as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair (8.5 in aghaidh 1,000 oibrí) ná oibrithe baineanna (5.0 in aghaidh 1,000 oibrí). Tá sé sin ag teacht leis an meán cúig bliana le haghaidh 2017–2021, ina raibh rátaí níos airde de ghortú a bhain leis an obair i measc oibrithe fireanna.

Léirítear i bhFíor 2.10 na cineálacha gortuithe a bhain d'oibrithe fireanna agus baineanna. Bhí rátaí gortaithe níos airde ag oibrithe fireanna i ngach catagóir i gcomparáid le hoibrithe baineanna, seachas an chatagóir lena mbaineann teascadh, comhtholgadh, gortú inmheánach agus dó.

**Fíor 2.10:**

**Ráta 0+ lá gortuithe a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne agus cineál gortaithe in 2021 (CSO).**




In 2021, ba í an earnáil gheilleagrach NACE ina raibh an ráta is airde de thinnis a bhain leis an obair as ar eascair ceithre lá nó níos mó as láthair ón obair Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta (56.8 in aghaidh 1,000 oibrí), le hOideachas (30.0 in aghaidh 1,000 oibrí) agus Riarachán Poiblí agus Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach (28.2 in aghaidh 1,000 oibrí) ina dhiaidh sin.

Bhí Sláinte an Duine agus Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta i measc na gcúig earnáil leis na rátaí is airde de thinneas a bhain leis an obair gach bliain ó 2017, agus bhí Riarachán Poiblí agus Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach i measc na gcúig earnáil leis na rátaí is airde de thinneas a bhain leis an obair i gceithre cinn de na cúig bliana idir 2017 agus 2021.

**Fíor 2.11:**


**Ráta 4+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir earnáil gheilleagrach NACE in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO).**



In 2021, bhí rátaí tinnis níos airde i measc oibrithe baineanna (25.9 in aghaidh 1,000 oibrí) ná oibrithe fireanna (18.8 in aghaidh 1,000 oibrí). Tá sé sin ag teacht leis an meán cúig bliana le haghaidh 2017–2021.

**Fíor 2.12:**


**Ráta 4+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne in 2021 agus meán cúig bliana 2017–2021 (CSO).**




In 2021, bhí rátaí níos airde ag oibrithe baineanna i gceithre cinn de na cúig chineál tinnis a bhaineann leis an obair, go háirithe strus, dúlagar nó imní (9.0 in aghaidh 1,000 oibrí), i gcomparáid le hoibrithe fireanna (3.5 in aghaidh 1,000 oibrí). Ba shuntasach na rátaí níos airde i measc oibrithe baineanna d'fhadhbanna éisteachta, tinneas cinn, saoth súl, fadhbanna croí, agus galair lena mbaineann (15.6 in aghaidh 1,000 oibrí), i gcomparáid le hoibrithe fireanna (10.6 in aghaidh 1,000 oibrí).

**Fíor 2.13:**


**Ráta 0+ lá tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir inscne agus cineál tinnis in 2021 (CSO).**



B'airde na rátaí gortuithe a bhain leis an obair don ghrúpa 25–34 bliain d'aois (34 in aghaidh 1,000 oibrí). Bhí an ráta ab airde de thinneas a bhain leis an obair sa ghrúpa 35–44 bliain d'aois (100.1 in aghaidh 1,000 oibrí).

**Fíor 2.14:**


**Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir aoisghrúpa in 2021 (CSO).**




Bhain an ráta ab airde de ghortuithe le Ceardaíocht agus oibrithe gaolmhara (43.0 in aghaidh 1,000 oibrí). Bhain an ráta ab airde de thinnis le hoibrithe gairmiúla (92.8 in aghaidh 1,000 oibrí).

**Fíor 2.15:**

**Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir ghairm bheatha an íospartaigh in 2021 (CSO)**




Bhí na rátaí ab airde gortuithe in 2021 i réigiún Lár-Iarthar an Chláir, Tiobraid Árann agus Luimneach (20.8 in aghaidh 1,000 oibrí), agus bhí na rátaí ab ísle gortuithe i réigiún Teorann Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Mhuineacháin agus an Chabháin (7.2 in aghaidh 1,000 oibrí).

Bhí na rátaí ab airde tinneas in 2021 i mBaile Átha Cliath (40.4 in aghaidh 1,000 oibrí), agus bhí na rátaí ab ísle tinneas i réigiún Teorann Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Mhuineacháin agus an Chabháin (21.2 in aghaidh 1,000 oibrí). Bhí méadú ar na rátaí tinneas i ngach réigiún i gcomparáid le 2020, rud a d'fhéadfaí a mhíniú go páirteach le maolú cuid de na bearta sláinte poiblí COVID-19.

**Tábla 2.3:**

**Ráta 0+ lá gortuithe agus tinneas a bhain leis an obair in aghaidh 1,000 oibrí de réir réigiún NUTS in 2021 (CSO)**

| | GORTÚ | TINNEAS |
|---|---|---|
| An Lár-Iarthar | 20.8 | 26.5 |
| An Lár Tíre | 20.7 | 26.7 |
| An tOirdheisceart | 20.1 | 34.7 |
| An tIardheisceart | 18.8 | 36.6 |
| An Lár-Oirthear | 18.7 | 35.0 |
| An tIarthar | 14.0 | 28.5 |
| Baile Átha Cliath | 11.3 | 40.4 |
| An Teorainn | 7.2 | 21.2 |






# Staitisticí Gortuithe Neamh-mharfacha


**Tharla 28 teagmhas marfach a bhain leis an obair in Éirinn in 2022.**

Astu siúd, bhain 25 le híospartaigh arbh oibrí iad agus bhain trí cinn le híospartaigh nárbh oibrí iad. Sin an líon is lú de theagmhais mharfacha a taifeadadh in aon bhliain ó bunaíodh an tÚdarás in 1989. Mar sin féin, tá roinnt imscrúduithe ar bun faoi láthair ar theagmhais mharfacha a tharla in 2022, agus d'fhéadfadh go ndeimhneofaí gur básanna a bhain leis an obair cuid díobh siúd. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an figiúr sin athrú.

Léirítear i bhFíor 3.1 gur thit an ráta teagmhas marfach i measc oibrithe ó 3.8 in aghaidh 100,000 oibrí in 1998 (an chéad bhliain a bhfuil sonraí shuirbhé fostaíochta CSO ar fáil lena haghaidh) go 1.0 in aghaidh 100,000 oibrí in 2022. Ba é 1.5 an meánráta sa tréimhse cúig bliana 2018–2022.

**Fíor 3.1:**

**Ráta na dteagmhas marfach a bhain leis an obair in aghaidh 100,000 oibrí, 1998–2022.**






# Tharla an líon ba mhó de theagmhais mharfacha i d**Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht**

Tharla an líon ba mhó de theagmhais mharfacha i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht (13 oibrí agus duine amháin nach oibrí iad), is é sin 50% de na teagmhais mharfacha ar fad in 2022. Tharla teagmhais mharfacha do sheisear oibrithe agus do dhuine amháin nach oibrí iad i bhFoirgníocht agus do bheirt oibrithe i Riarachán Poiblí agus Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach.

**Fíor 3.2:**

**Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir earnáil gheilleagrach NACE, 2022 (HSA).**





As an 28 íospartach de theagmhas marfach a bhain leis an obair, b'fhostaithe deichniúr (36%), ba dhaoine féinfhostaithe 14 (50%), ba dhaoine nach oibrí iad triúr (11%) agus b'oibrí ar ball den teaghlach é duine amháin (3%).

Bhí os cionn triúr as gach ceathrar íospartach de theagmhas marfach a bhain leis an obair i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht féinfhostaithe (12, 86%). Bhí beirt íospartach i bhFoirgníocht féinfhostaithe (29%) agus b'fhostaithe ceathrar (57%). Ar an iomlán, bhain teagmhais mharfacha a bhain leis an obair le daoine nach oibrí iad i dtrí earnáil gheilleagrach.

Tá níos mó sonraí faoi theagmhais mharfacha de réir earnáil gheilleagrach i ngach bliain ó 2012 go 2022 i dTábla 4.3 den Aguisín.

**Fíor 3.3:**

**Céatadán na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir stádas fostaíochta an íospartaigh, 2022 (HSA)**




**50%** Féinfhostaithe


**36%** Fostaí

**11%** Duine nach oibrí iad

**4%** Oibrí ar ball den teaghlach é

**Fíor 3.4:**

**Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir stádas fostaíochta an íospartaigh agus earnáil gheilleagrach NACE, 2022 (HSA).**







Léirítear i bhFíor 3.5 an treocht i rátaí teagmhais mharfaigh in aghaidh 100,000 oibrí i gceithre phríomhearnáil gheilleagrach ó 1998.


**Fíor 3.5:**

**Ráta na dteagmhas marfach a bhain leis an obair in aghaidh 100,000 oibrí, 1998–2022 (HSA).**



**Fíor 3.6:**

**Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair de réir inscne agus banda aoise, 2022 (HSA).**





As an 28 teagmhas marfach in 2022, tharla 27 d'íospartaigh fhireanna agus ceann amháin d'íospartach baineann. Níorbh oibrí an t-íospartach baineann; tharla an teagmhas marfach sin san earnáil Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta. Léirítear i bhFíor 3.6 bandaí aoise agus inscne na n-íospartach.

Bhain díreach faoi bhun trí cheathrú díobh le híospartaigh a bhí 55 bliain d'aois nó níos sine, le deichniúr íospartach 55–64 bliain d'aois (36%) agus naonúr íospartach 65 bliain d'aois nó níos sine (32%).

Tharla trí theagmhas mharfacha do dhaoine nach oibrí iad in 2022; bhí duine acu siúd 0–17 mbliana d'aois agus bhí beirt 55–64 bliain d'aois.

**Fíor 3.7:**

**Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir banda aoise, 2022 (HSA).**




As an 28 teagmhas marfach in 2022, tharla naoi gcinn (32%) d'íospartaigh a bhí 65 bliain d'aois nó níos sine. Bhí an t-aoisghrúpa sin an-suntasach i dTalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht, áit ar tharla ocht (57%) dteagmhas mharfacha d'íospartaigh 65 bliain d'aois nó níos sine.

Tá níos mó sonraí faoi aois íospartaigh na dteagmhas marfach i ngach earnáil gheilleagrach i dTábla 4.5 den Aguisín.

**Fíor 3.8:**


**Líon na dteagmhas marfach a bhain leis an obair i bpríomhearnálacha geilleagracha NACE lenar bhain íospartaigh a bhí faoi bhun 65 bliain d'aois agus 65 bliain d'aois nó níos sine, 2022 (HSA).**




Tháinig athrú ar mheánaois na n-íospartach de réir a chéile. Léirítear i bhFíor 3.9 líon iomlán na dteagmhas marfach a tharla d'íospartaigh 65 bliain d'aois nó níos sine gach bliain ó 1990.[6] Léirítear méadú ó cheathrar (7%) íospartach 65 bliain d'aois nó níos sine in 1990 go naonúr (24%) in 2020, agus laghdaigh líon na dteagmhas marfach i measc íospartaigh níos óige. Is dócha go bhfuil tionchar ag lucht saothair na hÉireann ag dul in aois air sin; mhéadaigh comhréir na n-oibrithe 55 bliain d'aois nó níos sine ó 10% in 1998 go 19% in 2022.[7]

**Fíor 3.9:**

**Líon na dteagmhas marfach a tharla d'íospartaigh 65 bliain d'aois nó níos sine gach bliain, 1990–2022 (HSA).**




6 Ní fios aois an íospartaigh i gcás líon beag de theagmhais mharfacha, i dtús na 1990idí den chuid is mó.

7 An Phríomh-Oifig Staidrimh, Labour Force Survey QLF18 - ILO Participation, Employment and Unemployment Characteristics: https://data.cso.ie/table/QLF18.



## Ba iad na cúiseanna ba choitianta a bhain le teagmhais mharfacha in 2022 **titim ó airde** agus **meán iompair ag dul ó smacht**



As an 28 teagmhas marfach in 2022, tharla ceann amháin d'íospartach ó thír eile san Aontas Eorpach. Bhí an t-íospartach nach Éireannach iad fostaithe san earnáil Soláthair Uisce; Séarachais, Bainistithe Dramhaíola agus Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin. Ba é an ráta teagmhais mharfaigh d'oibrithe Éireannacha 1.1 in aghaidh 100,000 oibrí, agus ba é an ráta d'oibrithe eile 0.04 in aghaidh 100,000 oibrí.

Is ionann an chúis agus an t-imeacht neamhghnách is cionsiocair do theagmhas. Ba iad na cúiseanna ba choitianta a bhain le teagmhais mharfacha in 2022 titim ó airde (11, 39%), meán iompair ag dul ó smacht (10, 36%) agus titim, titim ábhair, anuas (2, 7%). Tá sonraí faoi chúiseanna a bhaineann le teagmhais mharfacha i ngach earnáil gheilleagrach NACE i dTábla 4.7 den Aguisín.


Déanann an chúis cur síos ar an bhfáth ar tharla teagmhas, agus déanann an modh gortaithe cur síos ar an gcaoi ar gortaíodh an t-íospartach. Ba iad na modhanna gortaithe ba choitianta tionchar ó thitimí (11, 39%) agus buailte ag earra – earra ag eitilt, ag titim, ag bogadh nó á iompar, feithiclí ina measc (11, 39%).

Tá sonraí faoi mhodhanna gortaithe a bhaineann le teagmhais mharfacha i ngach earnáil gheilleagrach NACE i dTábla 4.8 den Aguisín.

In 2022, bhain 11 den 28 teagmhas marfach le feithiclí.[8] Léirítear i bhFíor 3.11 na feithiclí a bhí bainteach leis na teagmhais sin. Bhí tarracóirí bainteach le cúig theagmhas mharfacha (45% de na teagmhais mharfacha ar fad lenar bhain feithiclí). Bhí cuadrothar, rollóir le boinn neomatacha, leoraí, meaisín colbhaí agus JCB bainteach le teagmhas marfacha amháin an ceann.

**Fíor 3.10:**


**Na cúig mhodh gortaithe ba mhó a bhí bainteach le teagmhais mharfacha, 2022 (HSA).**




8 Áirítear leo siúd básanna a tharla mar gheall ar fheithiclí ag dul ó smacht agus íospartaigh ar bhuail nó ar bhrúigh feithiclí iad.

**Fíor 3.11:**

**Feithiclí bainteach le teagmhais mharfacha, 2022 (HSA).**






# Aguisín

**Tábla 4.1:**

**Líon agus céatadán na dteagmhas neamh-mharfach de réir cúise in earnálacha geilleagracha roghnaithe, 2022 (HSA).**

| | Sláinte an Duine & Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta | | Tionscal | | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | | Foirgníocht | | Iompar & Stóráil | | Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Láimhsiú sábháilte (gortú inmheánach) | 559 | 27 | 577 | 33.3 | 445 | 41.5 | 238 | 26.2 | 314 | 36.1 | 180 | 23.0 |
| Sciorradh, titim | 430 | 20.8 | 367 | 21.2 | 291 | 27.2 | 285 | 31.9 | 277 | 31.8 | 170 | 21.7 |
| Cúiseanna eile | 437 | 21.1 | 255 | 14.7 | 88 | 8.2 | 86 | 9.6 | 67 | 7.7 | 139 | 17.7 |
| Earra, innealra, feithicil ag dul ó smacht | 88 | 4.3 | 282 | 1.6 | 119 | 11.1 | 141 | 15.8 | 110 | 12.6 | 93 | 11.9 |
| Iompar bagrach, suaitheadh, foréigean | 398 | 19.2 | 21 | 1.2 | 11 | 1.0 | 9 | 1.0 | 29 | 3.3 | 132 | 16.8 |
| Gluaiseacht colainne as ar eascair gearradh, ballbhrú (gortú seachtrach) | 102 | 4.9 | 114 | 6.6 | 50 | 4.7 | 50 | 5.6 | 40 | 4.6 | 45 | 5.7 |
| Briseadh nó titim ábhair | 37 | 1.8 | 59 | 3.4 | 60 | 5.6 | 66 | 7.4 | 24 | 2.8 | 13 | 1.7 |
| Sceitheadh gáis nó leachta, splaiseáil | 17 | 0.8 | 54 | 3.1 | 8 | 0.8 | 15 | 1.7 | 8 | 0.9 | 6 | 0.8 |
| Teagmháil leictreach, pléascadh nó tine | 2 | 0.1 | 6 | 0.4 | 0 | 0 | 4 | 0.5 | 2 | 0.2 | 6 | 0.8 |
| **Iomlán** | **2,070** | **100** | **1,735** | **100** | **1,072** | **100** | **894** | **100** | **871** | **100** | **784** | **100** |

**Tábla 4.2:**

**Líon agus ráta na ndaoine a d'fhulaing gortú agus tinneas, 2016–2021 (CSO).**

| | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | Ráta in aghaidh 1,000 | # | Ráta in aghaidh 1,000 | # | Ráta in aghaidh 1,000 | # | Ráta in aghaidh 1,000 | # | Ráta in aghaidh 1,000 | # | Ráta in aghaidh 1,000 |
| Iomlán fostaithe | 2,130,950 | | 2,191,375 | | 2,252,450 | | 2,318,800 | | 2,253,025 | | 2,389,225 | |
| **Gortú** | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán a d'fhulaing gortú | 30,800 | 14.5 | 49,500 | 22.6 | 46,300 | 20.6 | 27,200 | 11.7 | 27,800 | 12.3 | 38,900 | 16.3 |
| 0–3 lá as láthair | 17,600 | 8.3 | 26,100 | 11.9 | 40,100 | 17.8 | 15,300 | 6.6 | 16,600 | 7.4 | 22,500 | 9.4 |
| 4+ lá as láthair | 13,200 | 6.2 | 22,500 | 10.3 | 29,500 | 13.1 | 12,100 | 5.2 | 11,300 | 5.0 | 16,400 | 6.9 |
| Laethanta a cailleadh de bharr gortuithe | 481,612 | | 884,400 | | 620,800 | | 486,000 | | 597,000 | | 432,000 | |
| **Tinneas** | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán a d'fhulaing tinneas | 37,900 | 17.8 | 62,000 | 28.3 | 61,000 | 27.1 | 44,600 | 19.1 | 57,300 | 25.4 | 84,900 | 35.5 |
| 0–3 lá as láthair | 20,800 | 9.8 | 32,200 | 14.7 | 31,200 | 13.9 | 23,800 | 10.2 | 27,300 | 12.1 | 32,200 | 13.5 |
| 4+ lá as láthair | 17,100 | 8.0 | 29,800 | 13.6 | 29,800 | 13.2 | 20,700 | 8.9 | 30,000 | 13.3 | 52,700 | 22.1 |
| Laethanta a cailleadh de bharr tinneas | 746,701 | | 1,104,700 | | 822,300 | | 783,000 | | 1,053,000 | | 1,175,000 | |
| **Gortú agus tinneas** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú nó tinneas iomlán | 68,700 | 32.2 | 111,500 | 50.9 | 107,300 | 47.6 | 71,800 | 30.8 | 85,100 | 37.8 | 123,800 | 51.8 |
| Iomlán (4+ lá as láthair) | 30,300 | 14.2 | 52,300 | 23.9 | 59,300 | 26.3 | 32,800 | 14.1 | 41,300 | 18.3 | 69,100 | 29.9 |
| **Laethanta iomlána a cailleadh** | **1,228,312** | | **1,989,100** | | **1,443,100** | | **1,269,000** | | **1,650,000** | | **1,607,00** | |

**Tábla 4.3:**

**Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh a tharla d'oibrithe agus daoine nach oibrí iad de réir earnáil gheilleagrach NACE, 2013–2022 (HSA).**

| Earnáil gheilleagrach | Líon na dteagmhas marfach | | | | | | | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2013–2022 |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht | 21 | 33 | 24 | 26 | 27 | 20 | 23 | 23 | 11 | 14 | **222** |
| *- Talmhaíocht* | *16* | *32* | *18* | *21* | *25* | *15* | *20* | *20* | *10* | *14* | ***191*** |
| *- Foraoiseacht* | *0* | *0* | *1* | *1* | *0* | *1* | *0* | *0* | *1* | *0* | ***4*** |
| *- Iascaireacht* | *5* | *1* | *5* | *4* | *2* | *4* | *3* | *3* | *0* | *0* | ***27*** |
| Mianadóireacht & Cairéalacht | 2 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **5** |
| Déantúsaíocht | 1 | 3 | 3 | 2 | 0 | 2 | 2 | 4 | 5 | 0 | **22** |
| Soláthar Leictreachais, Gáis, Gaile & Aerchóirithe | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **2** |
| Soláthar Uisce; Séarachas, Bainistiú Dramhaíola & Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin | 1 | 0 | 3 | 1 | 1 | 2 | 2 | 1 | 2 | 1 | **14** |
| Foirgníocht | 11 | 6 | 11 | 10 | 6 | 5 | 12 | 16 | 10 | 7 | **94** |
| Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | 3 | 5 | 3 | 2 | 3 | 2 | 2 | 4 | 2 | 1 | **27** |
| Iompar & Stóráil | 4 | 3 | 3 | 1 | 5 | 8 | 6 | 2 | 6 | 1 | **39** |
| Gníomhaíochtaí Cóiríochta & Seirbhísí Bia | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | **3** |
| Faisnéis & Cumarsáid | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| Gníomhaíochtaí Airgeadais & Árachais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha & Teicniúla | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **2** |
| Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **5** |
| Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | 0 | 0 | 4 | 1 | 5 | 0 | 0 | 1 | 0 | 2 | **13** |
| Oideachas | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | **3** |
| Sláinte an Duine & Gníomhaíochtaí Oibre Sóisialta | 0 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| Na hEalaíona, Siamsaíocht & Áineas | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 0 | **6** |
| Gníomhaíochtaí Seirbhísí Eile | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| **Iomlán** | **47** | **55** | **56** | **48** | **48** | **39** | **49** | **54** | **38** | **28** | **462** |

**Tábla 4.4:**

**Líon agus ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus stádas fostaíochta an íospartaigh, 2022 (HSA).**

| | Oibrí | | | | | | Duine nach oibrí iad | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaí | Féinfhostaithe | Oibrí ar ball den teaghlach é | Oiliúnaí | Iomlán | Ráta oibrí in aghaidh 100,000 | | |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | 0 | 12 | 1 | 0 | **13** | 12.8 | 1 | **14** |
| Foirgníocht | 4 | 2 | 0 | 0 | **6** | 3.6 | 1 | **7** |
| Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | 2 | 0 | 0 | 0 | **2** | 1.5 | 0 | **2** |
| Tionscal (NACE B–E) | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | 0.3 | 0 | **1** |
| Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | 0.3 | 0 | **1** |
| Iompar & Stóráil | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | 0.9 | 0 | **1** |
| Oideachas | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | 0.5 | 0 | **1** |
| Gníomhaíochtaí Cóiríochta & Seirbhísí Bia | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | 0.0 | 1 | **1** |
| **Iomlán** | **10** | **14** | **1** | **0** | **25** | **1.0** | **3** | **28** |

**Tábla 4.5:**

**Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus bhanda aoise an íospartaigh, 2022 (HSA).**

| | 0–17 mbliana | 18–24 bliain | 25–34 bliain | 35–44 bliain | 45–54 bliain | 55–64 bliain | 65+ bliain | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 4 | 8 | 14 |
| Foirgníocht | 0 | 0 | 0 | 3 | 1 | 3 | 0 | 7 |
| Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 |
| Tionscal (B-E) | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Iompar & Stóráil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Oideachas | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Gníomhaíochtaí Cóiríochta & Seirbhísí Bia | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **4%** | **0%** | **4%** | **14%** | **11%** | **36%** | **32%** | **100%** |
| | **1** | **0** | **1** | **4** | **3** | **10** | **9** | **28** |

## Tábla 4.6:

**Ráta na dteagmhas marfach a tharla d'oibrí a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir náisiúntachta, 2015–2022 (HSA).**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éireannach | 2.7 | 1.9 | 2.2 | 1.3 | 1.9 | 2.0 | 1.6 | 1.2 |
| Neamh-Éireannach | 1.0 | 3.2 | 0.6 | 2.5 | 1.3 | 0.8 | 0.7 | 0.2 |
| Gach oibrí | 2.4 | 2.1 | 1.9 | 1.5 | 1.9 | 1.8 | 1.4 | 1.0 |

## Tábla 4.7:

**Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus cúise, 2022 (HSA).**

| | Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | Foirgníocht | Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | Soláthar Uisce; Séarachas, Bainistiú Dramhaíola & Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin | Iompar & Stóráil | Gníomhaíochtaí Cóiríochta & Seirbhísí Bia | Oideachas | Iomlán | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Titim ó airde | 5 | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | **11** | **39%** |
| Modh iompair nó trealamh láimhsithe ag dul ó smacht | 8 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **10** | **36%** |
| Titim, titim ábhair - anuas | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **2** | **7%** |
| Cúiseanna Eile | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | **2** | **7%** |
| Titim, titim ábhair - aníos | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Innealra ag dul ó smacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Earra ar a bhfuiltear ag obair ag dul ó smacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| **Iomlán** | **14** | **7** | **2** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **28** | **100%** |

### Tábla 4.8:

**Líon na dteagmhas marfach a tuairiscíodh de réir earnáil gheilleagrach NACE agus modh gortaithe, 2022 (HSA).**

| | Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | Tionscal (B-E) | Foirgníocht | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola; Deisiúchán Mótarfheithiclí & Gluaisrothar | Iompar & Stóráil | Gníomhaíochtaí Cóiríochta & Seirbhísí Bia | Riarachán Poiblí & Cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | Oideachas | Iomlán | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tionchar ó thitim | 4 | 0 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | **11** | **39%** |
| Buailte ag earra ag bogadh nó á iompar, feithiclí ina measc | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **6** | **21%** |
| Buailte ag earra ag titim | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | **4** | **14%** |
| Sáinnithe, brúite - i | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | **2** | **7%** |
| Sáinnithe, brúite - faoi | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Buailte ag earra ag eitilt | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Clúdaithe le gás | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Báite i leacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| Sáinnithe, brúite - idir | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** | **4%** |
| **Iomlán** | **14** | **1** | **7** | **1** | **1** | **1** | **2** | **1** | **28** | **100%** |

### Tábla 4.9:


**Ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir réigiún NUTS 2015–2022 (HSA)[9].**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Teorainn | 8.1 | 3.4 | 3.4 | 4.0 | 1.7 | 4.2 | 4.3 | 2.0 |
| An tOirdheisceart | 4.0 | 3.3 | 4.9 | 1.1 | 5.8 | 3.8 | 3.1 | 1.7 |
| An tIarthar | 4.3 | 2.1 | 4.5 | 3.4 | 3.7 | 3.7 | 0.9 | 1.7 |
| An tIardheisceart | 3.7 | 3.9 | 2.2 | 2.5 | 2.4 | 4.3 | 2.1 | 0.9 |
| An Lár-Iarthar | 4.0 | 2.9 | 1.9 | .14 | 2.3 | 2.9 | 1.8 | 0.0 |
| An Lár Tíre | 0.9 | 2.7 | 3.4 | 3.2 | 1.5 | 2.3 | 1.4 | 4.0 |
| An Lár-Oirthear | 1.3 | 2.3 | 0.9 | 0.9 | 1.5 | 1.2 | 0.9 | 0.3 |
| Baile Átha Cliath | 0.5 | 0.6 | 0.9 | 0.7 | 0.8 | 0.7 | 0.8 | 0.4 |

9 NUTS – Ainmníocht Aonad Críochach le haghaidh Staidrimh, caighdeán an Aontais Eorpaigh chun tagairt a dhéanamh d'fhoranna tíortha.

**Fíor 4.10:**

**Ráta na dteagmhas marfach a tuairiscíodh in aghaidh 100,000 oibrí de réir réigiún NUTS in 2022 agus meán cúig bliana 2018–2022 (HSA).**



# Tagairtí

CSO (2022a) Persons aged 15-89 years in Employment by Sex, NACE Rev 2 Economic Sector, Quarter and Statistic [dataset] QLF03, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Éire, ar fáil: https://data.cso.ie/table/QLF03

CSO (2022b) QLF18: ILO Participation, Employment and Unemployment Characteristics by Age Group, Sex, Quarter and Statistic, an Phríomh-Oifig Staidrimh, ar fáil: https://data.cso.ie/table/QLF18

CSO (2022c) QLF07: Persons aged 15-89 years in Employment by Sex, NACE Rev 2 Economic Sector, Region and Quarter, an Phríomh-Oifig Staidrimh, ar fáil: https://data.cso.ie/table/QLF07

CSO (2022d) QES05: Persons aged 15 years and over in Employment (ILO) by Employment Status, Detailed Occupational Group and Quarter, an Phríomh-Oifig Staidrimh, ar fáil: https://data.cso.ie/table/QES05

CSO (2022e) QLF34: Persons aged 15 years and over in Employment (Thousand) by NACE Rev, Quarter and Nationality, an Phríomh-Oifig Staidrimh, ar fáil: https://data.cso.ie/table/QLF34

Eurostat (2013) Modheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh i leith Tionóiscí ag an Obair (SETO), Eagrán 2013, Lucsamburg: Eurostat, ar fáil: https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-manuals-and-guidelines/-/KS-RA-12-102



# Ár bhFís:
# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Guthán: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

HSA Part No. HSA0516